Dréacht de

**R I A L A C H Á I N**

Dar teideal

**Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bonneagar Fisiceach taobh istigh d'fhoirgnimh le haghaidh Cumarsáide Leictreonaí Ardluais) 2023**

A dhéanfaidh an tAire Tithíochta,
Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta

**CLÁR ÁBHAIR**

Rialachán


1. Lua agus forléiriú

2. Sainmhínithe

3. Feidhmiú

4. Treoirdhoiciméid theicniúla

5. Cionta

6. Pionóis

I bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna a thugtar dom le halt 3 d'Acht na gComhphobal Eorpach 1972 (Uimh. 27 de 1972) agus chun éifeacht a thabhairt d’Airteagail 8(1) agus 8(2) de Threoir (AE) 2014/61 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014[1], maidir le bearta chun an costas a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a chur in úsáid a laghdú, déanaimse, ___________________, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, leis seo na rialacháin seo a leanas:

**Lua agus forléiriú**

1. (1) Féadfar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bonneagar Fisiceach taobh istigh d'fhoirgnimh le haghaidh Cumarsáide Leictreonaí Ardluais) 2023 a ghairm de na Rialacháin seo.

(2) Féadfar na Rialacháin Foirgníochta 1997 go 2022 agus na Rialacháin seo a ghairm le chéile mar na Rialacháin Foirgníochta 1997 go 2023 agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

**Léiriú**

2. (1) Sna Rialacháin seo —

ciallaíonn “pointe rochtana” pointe fisiceach, atá suite laistigh nó lasmuigh den fhoirgneamh, atá inrochtana do ghnóthais a sholáthraíonn líonraí cumarsáide poiblí nó atá údaraithe iad a sholáthar, ina gcuirtear nasc leis an mbonneagar fisiceach taobh istigh d’fhoirgnimh atá réidh don ardluas ar fáil;

Ciallaíonn “Acht 1990” an tAcht um Rialú Foirgníochta 1990 (Uimh. 3 de 1990);

[1] IO Uimh. L 23.05.2014, lch. 1.

ciallaíonn “cead” cinneadh sainráite nó intuigthe de chuid údaráis inniúil tar éis aon nós imeachta faoina gceanglaítear ar ghnóthas céimeanna a ghlacadh chun oibreacha foirgníochta nó innealtóireachta sibhialta a dhéanamh go dlíthiúil;

Ciallaíonn “Treoir” Treoir (AE) 2014/61 an 15 Bealtaine 2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] maidir le bearta chun an costas a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a chur in úsáid a laghdú;

ciallaíonn “úsáideoir deiridh” úsáideoir nach soláthraíonn líonraí cumarsáide poiblí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí;

ciallaíonn “líonra cumarsáide leictreonaí ardluais” líonra cumarsáide leictreonaí atá in ann seirbhísí rochtana leathanbhanda a sholáthar ag luasanna nach lú ná 30 Mbps;

ciallaíonn “bonneagar fisiceach taobh istigh d’fhoirgnimh atá réidh don ardluas” bonneagar fisiceach taobh istigh d’fhoirgnimh a bhfuil sé mar aidhm leis eilimintí líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a óstáil nó seachadadh líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a chumasú;

ciallaíonn “bonneagar fisiceach taobh istigh d’fhoirgnimh” bonneagar fisiceach nó suiteálacha ag suíomh an úsáideora deiridh, lena n-áirítear eilimintí faoi chomhúinéireacht, a bhfuil sé mar aidhm leo líonraí rochtana sreinge nó líonraí rochtana gan sreang, a óstáil mar ceann amháin nó iad araon, i gcás ina bhfuil líonraí rochtana den sórt sin in ann seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar agus pointe rochtana an fhoirgnimh a nascadh le críochphointe an líonra;

ciallaíonn “mór-oibreacha athchóirithe” oibreacha foirgníochta nó innealtóireachta sibhialta i suíomh an úsáideora deiridh lena gcuimsítear modhnuithe struchtúracha ar an mbonneagar fisiceach taobh istigh d'fhoirgnimh ina iomláine nó ar chuid shuntasach de, agus a dteastaíonn cead tógála ina leith;

Ciallaíonn “Aire” an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;

ciallaíonn “críochphointe an líonra” an pointe fisiceach ag a dtugtar rochtain d’úsáideoir deiridh ar líonra cumarsáide leictreonaí poiblí, agus, i gcás líonraí lena mbaineann lascadh nó ródú, a shainaithnítear trí sheoladh líonra sonrach, a d’fhéadfadh a bheith nasctha le huimhir nó ainm úsáideora deiridh;

ciallaíonn “fógra” –

(a) fógra dá dtagraítear in alt 6(2)(k), nó

(b) dearbhú reachtúil fógra 7 lá de réir bhrí alt 6(2)(a)(v),

d’Acht 1990;

ciallaíonn “bonneagar fisiceach” aon eilimint de líonra atá beartaithe chun eilimintí eile de líonra a óstáil gan a bheith ina heilimint ghníomhach den líonra, amhail píopaí, crainn, duchtanna, dúnphoill iniúchta, dúnphoill, caibinéid, foirgnimh nó bealaí isteach i bhfoirgnimh, suiteálacha aeróige, túir agus cuaillí;

folaíonn “oibreacha” aon ghníomh nó oibríocht i ndáil le tógáil, méadú, athrú, deisiú nó athnuachan foirgnimh.

(2) Beidh le focal nó abairt a úsáidtear sna Rialacháin seo agus a úsáidtear freisin sa Treoir, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, an bhrí chéanna sna Rialacháin seo atá leis sa Treoir.

**Feidhmiú**

3. (1) Sa chás go gcuirtear fógra isteach ar an dáta a dtiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh nó i ndiaidh an dáta sin, maidir leis na nithe seo a leanas —

(a) foirgneamh atá le nua-fhoirgniú, nó

(b) foirgneamh ar a bhfuil móroibreacha athchóirithe le déanamh air,

lena n-áirítear i gcás ina mbeidh gnéithe d’fhoirgneamh dá dtagraítear i bhfomhír (a) nó i bhfomhír (b) faoi chomhúinéireacht, déanfar oibreacha ar bhealach lena n-áiritheofar go mbeidh foirgneamh feistithe le bonneagar fisiceach taobh istigh d’fhoirgnimh atá réidh don ardluas suas go dtí críochphointe an líonra.

(2) Sa chás go gcuirtear fógra isteach ar an dáta a dtiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh nó i ndiaidh an dáta sin, maidir leis na nithe seo a leanas —

(a) foirgneamh il-áitribh atá le nua-fhoirgniú, nó

(b) foirgneamh il-áitribh ar a ndéanfar mór-oibreacha athchóirithe,

i gcás ina ndéanfar oibreacha ar bhealach lena n-áiritheofar go mbeidh an foirgneamh feistithe, sa bhreis ar an mbonneagar fisiceach taobh istigh d'fhoirgnimh atá réidh don ardluas suas go dtí críochphointe an líonra, le pointe rochtana.

**Treoirdhoiciméid theicniúla**

4. (1) Féadfaidh an tAire doiciméid ar a dtabharfar "treoirdhoiciméid theicniúla" a fhoilsiú, nó socrú a dhéanamh go bhfoilseofar thar a cheann nó thar a ceann iad, chun treoir a thabhairt maidir le ceanglais na Rialachán seo a chomhlíonadh.

(2) Faoi réir mhír (3), i gcás oibreacha nó foirgneamh lena mbaineann na Rialacháin seo a bheith deartha agus tógtha de réir aon treorach atá i ndoiciméad treorach teicniúla, léireofar leis sin, prima facie, go bhfuil ceanglais ábhartha na Rialachán seo á gcomhlíonadh.

(3) Ní fhorléireofar forálacha aon treoir a bheidh i ndoiciméad treorach teicniúil arna fhoilsiú faoi mhír (1) maidir le húsáid ábhair áirithe, modh togála nó sonraíochta, mar fhorálacha a thoirmisceann ceanglas de chuid na Rialachán seo a chomhlíonadh trí aon ábhar, modh tógála nó sonraíocht oiriúnach eile a úsáid.

**Cionta**

5. Aon duine a sháróidh (trí ghníomh nó neamhghníomh) aon cheanglas de na Rialacháin seo beidh sé ciontach i gcion.

**Pionóis**

6. Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Rialachán 6 dlífear na pionóis faoi alt 17 a chur air nó uirthi, agus faoi réir cheanglais ailt 17A go 17C (amhail is dá léitear gach tagairt do “an tAcht seo” sna hailt sin mar “an tAcht seo nó Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bonneagar Fisiceach taobh istigh d’fhoirgnimh le haghaidh Cumarsáide Leictreonaí Ardluais) 2023, d’Acht 1990.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,

__ ______________ 2023

Aire Tithíochta,

Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta